European Platform tackling undeclared work

ELA EUROPEAN LABOUR AUTHORITY

#Rights4AllSeasons
#EU4FairWork



# AN TREOIRLEABHAR MAIDIR LE HOBAIR SHÉASÚRACH FHÓGARTHA

ela.europa.eu/en/campaigns/rights-for-all-seasons

## RÉAMHRÁ

An oibrí séasúrach thú?
Bí cinnte go bhfuil tú eolach ar do chearta!

D'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach do chearta a thuiscint, go háirithe má thrasnaíonn tú teorainneacha le haghaidh obair shéasúrach. Ar an dea-uair, cosnaíonn AE gach oibrí trí íoschaighdeáin oibre a leagan síos i ngach ceann de na 27 mBallstát. Sa bhróisiúr seo, gheobhaidh tú eolas faoi do chearta mar oibrí séasúrach: idir eolas maidir le téarmaí fostaíochta, dálaí oibre agus a thuilleadh.

## CEARTA OIBRE

**Tá an ceart chun cóir chomhionann ó thaobh fostaíochta de ag gach oibrí séasúrach fógartha in AE. Déan cinnte de go bhfanfaidh tú ar an eolas chun do leasanna a chosaint!**

Ba cheart do d'fhostóir comhaontú oibre bailí a thairiscint duit ina sonraítear:


- an áit oibre agus an cineál oibre;
- fad na fostaíochta;
- an luach saothair;
- na huaireanta oibre in aghaidh na seachtaine nó na míosa;
- méid na saoire le pá, más ann dóibh.

Cuimhnigh go bhfuil tú i dteideal na córa comhionainne céanna le náisiúnaigh an Bhallstáit óstaigh maidir leis an méid seo a leanas:

- téarmaí na fostaíochta, lena n-áirítear pá íosta, aois oibre agus dálaí oibre;
- an ceart chun cosaint a fháil ar dhífhostú gan chúis;
- uaireanta oibre;
- saoire agus laethanta saoire;
- sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre.



# AN TREOIRLEABHAR MAIDIR LE HOBAIR SHÉASÚRACH FHÓGARTHA



#Rights4AllSeasons
#EU4FairWork

## SLÁNDÁIL SHÓISIALTA

**Déan cinnte de go bhfuil clúdach slándála sóisialta san áireamh i do chomhaontú oibre. Áirítear leis sin an ceart chun na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:**

- Cóir chomhionann mar náisiúnaigh de Bhallstát óstach de chuid AE maidir le cineálacha éagsúla slándála sóisialta (breoiteacht, easláine agus seanaois).
- Rochtain ar oideachas agus gairmoiliúint mar aon le comhairle maidir le hobair shéasúrach a gcuireann oifigí fostaíochta agus seirbhísí poiblí eile í ar fáil.

## CÓIRÍOCHT

**Tá sé de cheart agat dálaí maithe maireachtála a bheith agat nuair a shocraíonn an fostóir iad nó nuair a shocraítear tríd an bhfostóir iad.**

- Níor chóir go mbeadh an cíos iomarcach i gcomparáid leis an nglanluach saothair do do chuid oibre nó le roghanna lóistín comhchosúla.
- Níor chóir cíos a asbhaint go huathoibríoch ó phá.
- Ba cheart go n-áiritheodh an lóistín caighdeán maireachtála leordhóthanach.
- Comhlíonfaidh an lóistín na caighdeáin ghinearálta sláinte agus sábháilteachta atá i bhfeidhm sa tír sin.

## GEARAN A DHÉANAMH

**Má sháraítear do chearta, tá tú i dteideal gearán a dhéanamh.**

- Is féidir gearán a dhéanamh i gcoinne na bhfostóirí go díreach nó trí thríú páirtí, trí úsáid a bhaint as na sásraí náisiúnta is infheidhme i ndáil leis an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:
  — idirdhealú agus cóir neamhfhabhrach san ionad oibre mar gheall ar náisiúntacht, reiligiún nó eitneacht;
  — gan ioncam a fháil;
  — ciapadh san ionad oibre.
- An rochtain chéanna a bheith ag náisiúnaigh an Bhallstáit óstaigh AE ar shásamh dlí.

## CEART CHUN IONADAÍOCHTA

**Tá tú i dteideal dul isteach i gceardchumann nó in aon eagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar oibrithe i d'earnáil.**

- Beidh agat an ceart chun saoirse comhlachais agus an ceart chun dul isteach i gceardchumann chun na cearta atá agat a chosaint i dteannta a chéile.
- Tá sé de cheart agat dul ar stailc agus gníomh tionsclaíoch a dhéanamh.

# POINTÍ TEAGMHÁLA

**Tuilleadh ceisteanna? An bhfuil cúnamh de dhíth ort? Téigh i dteagmháil leis na hinstitiúidí seo a leanas chun an fhaisnéis ábhartha uile faoi obair shéasúrach fhógartha a fháil:**

- Pointí teagmhála náisiúnta nó suíomhanna gréasáin náisiúnta.
- Téigh i dteagmháil le pointí teagmhála náisiúnta do thíre, ambasáidí nó consalachtaí mar shampla.
- Feachtas ELA chun tuilleadh eolais a fháil faoi do chearta.

https://twitter.com/EU_ELA
https://www.facebook.com/europeanlabourauthority
https://www.linkedin.com/company/european-labour-authority

Faigh tuilleadh eolais faoi do chearta agus faoin bhfeachtas #Rights4AllSeasons. Scan an cód QR chun cuairt a thabhairt ar ár láithreán gréasáin.



EUROPEAN LABOUR AUTHORITY